

Tuarascáil Bhliantúil

2022



Comhairle Contae Chill Dara
Kildare County Council

Clár

Comh-Réamhrá	4
Comhaltaí Tofa	6
Cáin Mhaoine Áitiúil	8
Forbairt Eacnamaíoch, Pobail & Cultúrtha (lena n-áirítear Acmhainní Daonna)	12
Comhshaol, Seirbhísí Uisce agus Gníomhú ar son na h-Aeráide	30
Tithíocht	34
Seirbhísí Corparáideacha	38
Pleanáil agus Forbairt Straitéasach	42
Bóithre, Iompar agus Sábháilteacht Phoiblí	46
Faisnéis Teicneolaíochta	52
Airgeadas	54
Sceideal Oibre na gCeantar Bardasacha	57

AGUISÍNÍ

1 - Scéim na gCoistí um Beartais Straitéiseacha 2019-2024	60
2 - Coistí na Comhairle 2022	67
3 - Comhaltaí na gComhlachtaí Seachtracha 2022	68
4 - Comhdhálacha ar ar Freastalaíodh le linn 2022	69
5 - Traenáil ar ar Freastalaíodh le linn 2022	70
6 - Freastal na gComhaltaí ar Chruinnithe 2022	71
7 - Speansais na gComhairleoirí 2022	74
8 - Plean Corparáideach: Tuairisc ar dhul chun cinn 2022	76
9 - Plean Bliantúil um Soláthar Seirbhíse 2022: Tuairisc ar dhul chun cinn	113
10 - Tascairí Feidhmíochta 2022	169





Ár bhFís

**Ag maireachtáil,
Ag fás,
Ag tabhairt
ceannaireacht**

Ag obair le chéile i dtreo chontae
ionchuimsitheach agus inbhuanaithe



Comh-Réamhrá

**Sonya Kavanagh, Príomh-Fheidhmeannach,
Comhairle Contae Chill Dara, agus
An Comhairleoir Fintan Brett,
Cathaoirleach Chontae Chill Dara**

Tugann ár dTuarascáil Bhliantúil 2022 deis dúinn smaoineamh siar ar ghníomhartha agus gaiscí Chomhairle Contae Chill Dara. Cuireann sí béim ar an raon leathan de seirbhísí a sholáthraíonn an Chomhairle i gCill Dara thar gach gné den saol laethúil.

Leanadh ar aghaidh le líon mór de thionscadail agus garspríocanna suntasacha agus tábhachtacha thar 2022.

Bhí áthas orainn ‘Bríd 1500’, clár d’imeachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta chun ceiliúradh a dhéanamh ar Naomh Bríd, an bhean, a saol agus a h-oidreacht, a láinseál. Tá Comhairle Contae Chill Dara, le cabhair ó sainchoiste stiúrtha, dírithe chun leagáid cultúrtha agus sóisialta fiúntach a sholáthar agus muid ag druidim i dtreo féile mór Bríde 1500 i 2024, cuimhneacháin 1500 bliain ar bhás Naomh Bhríde. Ní he seo deireadh an scéil!

Glacadh le Plean Forbartha Chontae Chill Dara 2023–2029 i 2022. Bhí comhairliúchán agus páirtíocht i gcróilár an phróisis shuntasaigh agus chasta seo do chomhaltaí tofa agus baill foirne Chomhairle Contae Chill Dara. Leirítear i bPlean

Forbartha an Chontae ár stratéis chun ceantair le fás daonra a chomhordú agus tabhairt faoi riachtanais fisiciúla, sóisialta agus timpeallachta an chontae chun forbairt nua a sholáthar agus chun ár socmhainní agus ár n-áiseanna luachmhara a fheabhsú agus a chosaint.

Casadh an chéad fhód chun tús a chur le oibreacha ar thionscadal Bóthair Dáileacháin Bhaile Átha Í, go raibh éileamh mór air, go luath i 2022. Tar éis teacht chun críche, cuimseoidh sé dhá thimpeallán nua, aomhail crosbhealaigh nua le comharthaíocht, chomh maith le méadú ar chosáin agus bealaí rothaíochta. Feabhsóidh an tionscadal seo plódú tráchta, agus cruthóidh sé timpeallacht taistil níos sábhailte, i mBaile Átha Í.

Ta dul chun cinn suntasach déanta maidir le soláthar tithíochta sa chontae. Chuir Comhairle Contae Chill Dara agus Comlachtaí Ceadaithe Tithíochta 372 teach nua ar fáil.

Ag dul ar aghaidh lenár dtionscnaimh maidir le gníomhartha ar son na h-aeráide, rinneadh uasghrádú ar 178 réadmhaoin faoin gClár Iarfheistithe Fuinnimh.

D'oibrigh Comhairle Contae Chill Dara i dtaca leis an rialtas náisiúnta chun cóiríocht a chur ar fáil do dhaoine ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin. Eagraíodh Ionad Scíthe do dhaoine ag teacht isteach. Rinne an Chomhairle measúnú ar 107 gealltán cóiríochta, agus, dá éis sin, cuireadh tús le cóiríocht a sholáthar.

Thug Comhairle Contae Chill Dara tosaíocht freisin do thachaíocht pobail agus imeascadh chun tacú le daoine díláithrithe de bharr an cogaidh, agus lenár bpobail. Rinnead athchóiriú ar Fóram Freagartha Chill Dara, chun tacaíochtaí, go raibh mór-éileamh orthu, a chomh-ordú agus a sholáthar.

Lainseáladh Plean Sláintiúil Chill Dara 2022-2026, a chuir ar fáil maoiniú de bhreis agus €427,298 do thionscadail, le breis agus 5,500 duine páirteach iontu.

Dáileadh 978 deontas pobail, a chuir maoiniú de €1,956,003 ar fáil.

Lean Comhairle Contae Chill Dara le clár na n-oibreacha chun feabhsú a dhéanamh agus cur le na páirceanna agus spásanna oscailte thar an chontae. Áiríodh le seo áiseanna inrochtana a chur le Páirc an Phobail. Rinneadh dul chun cinn le dearadh, pleanáil, comhairliúchán agus tairscintí i gclóis súgartha eile, ina measc Fíodh Alúine agus Léim an Bhradáin.

Leanadh ar aghaidh go seasta ar thógáil Páirce Bhaile Chairdíf thar 2022. Táimid ag súil leis an áis áineasa il-usáide iontach seo go luath, do na pobail thart timpeall agus do chuariteoirí araon.

Cuiread fuinneamh in iarrachtaí ár bPobal Fuinnimh Inbhuanaithe i 2022 trí raon de cheardlanna, mar aon le dul chun cinn suntasach ar phleananna maidir le iarratais ar maoiniú deontas ÚFIÉ chun iarfheistiú a dhéanamh ar thithe, foirgnimh tráchtála, agus, b'fhéidir, ar fhoirgnimh pobail.

Thaispeáin na comhaltaí tofa ceannasaíocht agus tiomantas den scoth, agus leanann siad le fócas



Leirítear i bPlean Forbartha an Chontae ár stratéis chun ceantair le fás daonra a chomhordú agus tabhairt faoi riachtanais fisiciúla, sóisialta agus timpeallachta an chontae.

ar ár ndaonra, ár bpobail, ár dtimpeallacht agus ár bhforbairt eacnamaíoch.

Tugann Comhairle Contae Chill Dara faoi bheith nuálach agus aiclí i dtabhairt faoi seirbhísi a sholáthar, ag déanamh uasmhéadú ar ár n-acmhainní, ag cur feabhas leanúnach ar ár seirbhís do chustaiméirí agus ár gcumarsáid, ár dteagmháil le saoránaigh agus ionchuimsiú sóisialta. Tá súil againn gur léiríodh seo thar gach gné de Chomhairle Contae Chill Dara i 2022.

Príomh-Fheidhmeannach
Sonya Kavanagh

Cathaoirleach
Cllr Fintan Brett

Comhaltáí Tofa Reatha

Ceantar Bardasach Bhaile Átha Í

Veralouise Behan	FF
Aoife Breslin	LO
Brian Dooley	FF
Ivan Keatley	FG
Mark Leigh	LO

Ceantar Bardasach Chill Droichid – Léim an Bhradáin

Bernard Caldwell	FF
Michael Coleman	FF
Ide Cussen	Gan Pháirtí
Ciara Galvin	LO
Nuala Killeen	DS
Vanessa Liston	Glas
Joe Neville	FG

Ceantar Bardasach Claonta – Maigh Nuad

Tim Durkan	FG
Aidan Farrelly	DS
Angela Feeney	LO
Daragh Fitzpatrick	FF
Peter Hamilton	Glas
Pádraig McEvoy	Gan Pháirtí
Naoise Ó Cearúil	FF
Paul Ward	FF
Brendan Weld	FG
Brendan Wyse	FG

Ceantar Bardasach Bhaile Chill Dara – Dhroichead Nua

Anne Connolly	FF
Noel Connolly	SF
Suzanne Doyle	FF
Kevin Duffy	FG
Noel Heavey	FF
Fiona McLoughlin Healy	Gan Pháirtí
Peggy O'Dwyer	FG
Tracey O'Dwyer	FG
Chris Pender	DS
Robert Power	FF
Mark Stafford	FG

Ceantar Bardasach An Nais

Anne Breen	LO
Fintan Brett	FG
Bill Clear	DS
Carmel Kelly	FF
Colm Kenny	Glas
Seamie Moore	Gan Pháirtí
Evie Sammon	FG



Jessica Harringtons Yard, Racehorse Training, Co Kildare

Cáin Mhaoine Áitiúil



Forléargas ar 2022:

Leithdháileadh breis agus €7.5m i maoiniú Cháin Mhaoine Áitiúil i 2022, agus chuir seo le forbairt agus soláthar ar na céadta de thionscadail pobail, tionscnaimh timpeallachta agus cothabháil sa chontae, chomh maith le cláir cruthaitheacha agus cultúrtha. Is cáin bliantiúil ar réadmhaoine cónaithe í Cáin Mhaoine Áitiúil, bunaithe ar a luach margaidh, agus cuireann leithdháileadh ar an maoiniú seo, déanta ar bhonn bliantiúil ag Comhairle Contae Chill Dara, le caighdeán maireachtála agus infreastruchtúr saoránach Chill Dara thar na 5 Ceantar Bardasach sa chontae.



Top: Seachtain na h-Oidhreachta 2022. **Above:** Luascán nua do Chathaoireacha Rothaí, Clós Súgartha Bóthair Achadh Ard, Cill Droichid.

Tacú le Pobail

- Cothabháil ar Eastáit agus Spás Oscailte
- Soilse Nollag
- Fearas do Chlubanna
- Tionscadail Aoibhánúla
- Seantáin Ban
- Deontais Pobail
- Clóis Súgartha
- Féilte



Gníomhú ar son na Tímeallachta

- Plandáil Crann
- Bithéagsulacht
- Taisteal Gníomhach
- Bailte Slachtmhara
- Araidí Bruscair Urraithe
- Páirceanna & Tírdhreachú



Top: Bithéagsúlacht. **Above:** Baile Slachtmhar An Nais: Buaiteoiri GéigCB.

See more:
Appendix 8, p76 &
Appendix 9, p113



Forléargas ar 2022 ar lean:

Ár gContae á Chothabháil

- Deisiú ar Chosáin
- Comharthaíocht ar Bhóithre
- Glanadh Sráideanna
- Cothabháil ar Bhóithre
- Soilsiú Poiblí



Cruthaitheacht a Chothú


- Clár Cultúrtha 'Bríd 1500'
- Deich mBliana na gCuimhneachán
- Tacú le na h-Ealaíona
- 'Music Generation'
- Leabharlanna
- Ionaid Cruthaitheacha



Top: Caifé Óige Bhaile Átha Í. **Middle:** Cártaí Nollag Cruthaitheacha Meabhrach ar Aeráid. **Bottom:** Onaid Cruthaitheacha: Baile Átha Í.

Cáin Mhaoine Áitiúil

2022 in numbers





Forbairt Eacnamaíoch, Pobail & Cultúrtha (lena n-áirítear AD)

Pobail a chruthú trí chumasú agus ionchuimsiú.

Gach saoránach a chumasú chun páirt a ghlacadh i bpobail atá slán agus ionchuimsitheach, agus rochtain a bheith acu ar seirbhísí agus tacaíochtaí a thugann tairbhe dearfach dá saoil.

Pobal

Forléargas ar 2022:

Fo-cheannteideal: Pobal

- Chuir Comhairle Contae Chill Dara fáilte roimh filleadh ar ais go thionscadail agus cláir pearsanta i 2022, rud a lig do gheallsealbhóirí ath-nascadh a dhéanamh tar éis tréimhse a bhí thar a bheith deachair
- Thug briseadh amach an chogaidh san Úcráin dúshláin tobann agus gan choinne d'ár bpobail. Ath-bhunaíodh an Fóram Freagartha Pobail Éigeandála le fócas chun faisnéis a chomh-roinnt agus cainéil cumarsaide a thógáil
- Tacaíodh le 978 deontas
- Cuireadh maoiniú de €1,958,003 ar fáil
- Leanadh le tacú le pobail chun tionscadail a ainmniú, a fhorbairt agus a fheidmiú chun caighdeán maireachtála sa chontae a fheabhsú



Page Opposite: Láinseáil Bríd 1500. Above: Imeacht CúraimSláinte, Baile Átha Í, Deireadh Fomhair 2022.

See more:
Appendix 8, p76 &
Appendix 9, p113

Forléargas ar 2022 ar lean:



Fo-cheannteideal: Bríd 1500

- Lainseáladh Bríd 1500 i Samhain 2022
- Clár cultúrtha dhá bhliain chun ceiliúradh a dhéanamh ar Naomh Bríd, an bhean, a saol agus a h-oidhreacht
- Eagraíodh coiste stiúrtha le maoirseacht ar an gclár
- Ceapadh comh-ordaitheoir, le príomh-ról chun maoirseacht a dhéanamh ar phleanáil agus soláthar imeachtaí do Bríd 1500
- Tugadh tacaíocht do roinnt de ghrúpaí pobail agus ealaíontóirí trí scéim deontas Bríd 1500, a láinseáladh go déanach i 2022

Fo-cheannteideal: Coistí Forbartha Pobail Áitiúla (CFPÁ)

- D'oibrigh an clár um cuimsiú sóisialta CGPCS (Clár Gníomhachtúcháin Pobail um Cuimsiú Sóisialta), le maoirseacht ó CFPÁ Chill Dara, le 73 grúpa pobail agus 878 duine aonair le buiséad de €1,357,382
- Faomhadh sé tionscadal déag ag an CFPÁ / Grúpa Gníomhaíochta Áitiúil (GGÁ) le luach de €930,922.38 faoin gClár Forbartha Tuaithe LEADER

- Faoi Maoiniú Gníomhachtúcháin Pobail 2022, bronnadh €296,027 a leithdháileadh ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail ar 104 grúpa pobail agus deonacha, chun tacú lena gcostais feidhmithe, caipitil agus fearais
- Ceapadh Oifigeach Forbartha CúraimSláinte i Márta 2022, láinseáladh clár CúraimSláinte Bhaile Átha Í i nDeireadh Fomhair, agus eagraíodh Grúpa Feidhmithe Áitiúil, le príomh-gheallsealbhóirí pobail freisin
- Tugadh oibreacha faoin gCiste Feabhsúcháin Pobail chun críche, agus leithdháileadh maoiniú de €75,000 do thionscadail a chuir sláinte agus folláine chun cinn.
- Láinseáladh Plean Sláintiúil Chill Dara 2022-2026
- Dhún Éire Sláintiúil i gCill Dara amach Babhta 3 (€427,298.92) agus cuireadh ciste idirthréimhse i bhfeidhm. Ta teagmháil déanta ag cláir maoinithe ag Éire Sláintiúil le breis agus 5,500 duine.

Fo-cheannteideal: Páirtíocht Spóirt Chill Dara

Rinne Páirtíocht Spóirt Chill Dara teagmháil le breis agus 17,000 duine i gCill Dara agus lean sé le tacú le grúpaí agus le roinnt clár, ina measc:

- Clár Ionchuimsithe Spóirt do Dhaoine faoi Mhíchumas – 959 páirtí thar 15 clár
- Clár Scoileanna / Óige – 7,553 páirtí thar 10 clár
- Clár Pobal-Bhunaithe – 4,298 páirtí thar 11 clár
- Clár Oideachais agus Traenála – 953 páirtí thar 9 clár
- Clár na mBan i Spórt– 575 páirtí thar 8 clár
- Clár Moil Spóirt – 870 páirtí thar 6 clár
- Clár Aoisbháúil – 665 páirtí thar 4 clár
- Clár 'Cuir Cill Dara ag Siúil' – 758 páirtí thar 4 clár
- Clár Tacaíochta do Theifigh ón Úcráin – 390 páirtí



Page Opposite: Láinseáil Bríd 1500. **Top:** PSCD – Clár do Dhaoine faoi Mhíchumas – Cadhcáil Ionchuimsitheach.

Middle: PSCD – Clár do Dhaoine faoi Mhíchumas – Grúpa Siúil. **Bottom:** Páirtíocht Spóirt Chill Dara (PSCD) – Seisiún Rothaíochta.



Above: PSCD - Cadhcáil i Mainiatir Eimhín.

Clóis Súgartha agus Páirceanna

Clár leanúnach d'oibreacha chun feabhsú a dhéanamh agus cur le na Páirceanna agus Spásanna Oscailte reatha. Buaicphointí 2022:

- Rinneadh uasghrádú ar Pháirc an Phobail, lena n-áiríodh ath-dhromchlú ar chosáin agus cosáin nua a chruthú chun siúlóid lúbtha a éascú. Suiteáladh súiochánra agus boird picnice nua inrochtana
- Tugadh Talamh Áise na Sollán ar aghaidh go críoch ar Mháistirphlean Chuid 8, a bheidh mar bhunús chun an talamh a fhorbairt do chuspóirí áise
- Sa Chlár Oibreacha Crann, cuimsíodh prúnáil, baint amach agus plandáil crann a thabhairt chun críche thar an chontae
- Leanadh ar aghaidh le Clós Súgartha Fhíodh Alúine go tairscint ullmhaithe do thógáil an clóis súgartha
- Rinneadh próiseas dearaidh ar Chlós Súgartha Léim an Bhradáin chun an clós súgartha a athlonnú laistigh d'Ionad Áise Léim an Bhradáin, agus páirceáil gluaisteán a athdhearadh chun an athlonnú a éascú
- Sa Tionscadal Áiseanna Amuigh don Óige i gCill Droichid, rinneadh conradh le Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath chun comhairliúchán a dhéanamh le daoine óga i gCill Droichid maidir le áiseanna amuigh a sholáthar. Úsáidfeadh na torthaí as seo chun eolas a chur le na chineáil áiseanna a chuirfeadh ar fáil
- Tugadh chun críche oibreacha ar pháirceáil rothar i bPáirc Chaitríona agus bróisiúr ar chosáin canála sa chontae
- Cuireadh tús le obair chun nasc siúil agus rotháiochta feabhsaithe do Choillte Mhainistir an Mhúraigh a sholáthar
- Cuireadh tús le staidéar féidearthachta d'fhorbairt bhealaigh lúbtha siúil agus rotháiochta do Sean-Chill Chuillin. Tá an obair seo á mhaoiniú trí deontais a fuarthas ón Scéim Áineasa agus Infreastruchtúir Amuigh, atá á maoiniú ag An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail



Above: Imeacht do Lá Idirnáisiúnta na mBan: An t-Aire Slainte, Stephen Donnelly TD.

Forbairt Pobail

- Lean an fhoireann forbartha pobail le tacú forbartha pobail a sholáthar sa chontae, le béim faoi leith ar phobail faoi míbhuntáiste
- Thug an plean forbratha tosaíocht do sochaí ag déanamh ath-theagmháil tar éis dianghlasála iar-Covid, agus do fhreagairt don Úcráin
- D'oscail an t-Aire Sláinte, Stephen Donnelly TD, Aonach Sláinte do Lá Idirnáisiúnta na mBan, a tionóladh i Halla Bhaile Dhroichead Nua
- Ainmníodh trí ghrúpa, agus tacaíodh leo, chun dul isteach i gComórtas Bróid Áite Áitiúil agus Náisiúnta CPÉ, agus bhí áthas ar Chomhairle Contae Chill Dara chur in iúl gur bhuaidh Páirc Líneach na Life gradam faoi leith sa chatagóir 'Ionaid Cruithaitheacha' agus go raibh An Fhorrach Mhór sa dara áit sa chatagóir 'Sráidbhaile le daonra 300 – 1000'
- Leanadh leis an gcomórtas Bróid Áite i 2022, agus aithnítear iarrachtaí cónaitheoirí agus cumann cónaitheoirí údarás áitiúla chun a bpobail a forbairt, agus gairdíní aonair agus spásanna oscailte poiblí a chothabháil. Tugadh isteach catagóirí nua, ina measc Tionscadail um Ghníomhú ar son na h-Aeráide agus Tionscadail Aoisbháúla.

Fo-cheannteideal: Clár Aoisbháúil Chill Dara

- Lainseáladh leabhrán faisnéise nua dírithe ar saoránaigh breacaosta i gCill Dara, le faisnéis úsáideach ar féin-chúram, imeachtaí aoisbháúla, ithe sláintiúil agus breis
- Rinneadh comhairliúchán do Sraitéis Aoisbháúil Chill Dara mar ullmhú don láinseáil i 2023
- I measc tionscadail aoisbháúla eile bhí iniúchta siúil sa Bhaile Mór agus teacht chun críche ar oibreacha chun baile aoisbháúil a chruthú i gCill Droichid

Nascadh

- Rinneadh ath-thosnú ar Chlár Malairte Chill Dara – Lexington do Mic Léinn i 2022
- Thaisteal 12 mac léinn ó meánscoileanna go Lexington, Kentucky, inar chaith siad deich n-óiche lena dteaghlaih óstaigh, agus clár gnóthach d'imeachtaí acu
- Tháinig a gcontrapháirteanna SA ar chuairt ar ais go Cill Dara, le cuairteanna do mhór-ionaid turasóireachta thar an chontae mar chuid dá gcúrsa taistil

Pobal

2022 in numbers

Tacaíodh le

978

deontas agus soláthraíodh maoiniú de **€1,958,003**



Faomhadh

16

tionscadal LEADER le iomlán de **€930,933.38**

Idirghabhála CGPCS le

73

grúpa pobail agus 878 duine aonair (buiséad de **€1,357,382**)

Bronnadh maoiniú d'iomlán de **€296,27** ar

104

grúpa faoi Maoiniú do Ghníomhartha Pobail



Shrois líon na leathanch do **Scéalta Pobail Chill Dara**

197,000

úsáideoir Facebook, le 64,000 radharc ar fís



Rinne breis agus

2,500

duine teagmháil le Éire Sláintiúil 2022



Bhí

867

idirghabháil ag **CúramSláinte** le baill den phobal i mBaile Átha Í

3 ionad suí inrochtana i bPáirc an Phobail

Suiteáladh 6 bínse picnice inrochtana



Déanann Rannóg na bPáirceanna cothabháil ar

29

clós súgartha, 3 páirc scátala agus 10 giomnáisiam amuigh



Rinne Páirtíocht Spóirt Chill Dara

teagmháil le breis agus

17,000

duine





Image: Laineáil Iar-Aire Stáit do Chur Chun Cinn na Trádála, Cúrsaí Digiteacha agus Rialú Cuideachtaí, Robert Troy TD, tionscnaimh Fáis Dhigitigh do Réigiún an Lár-Oirthir i SMNRLO Chill Dara.

Fiontar & Forbairt Eacnamaíoch

Forléargas ar 2022:

- Aimsíodh €4.2 milliún faoin gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach chun Mol Inniúlachta Bia, Deoch agus Scileanna Bhaile Átha Í a fhorbairt. Tagtha chun críche, feidhmeoidh an mol mar ionad dár gcnuasach bia thar an chontae agus tabharfaidh sé spás monaraíochta do 20 fiontraí. Feidhmeoidh sé freisin mar mhol oideachais do thart ar 100 ógánach sa cheantar chun uasoilúint a fháil agus teacht ar an margadh fostaíochta gach bliain.
- Faomhadh maoiniú de €250,000 faoin Scéim Athchóirithe do Bhailte agus Sráidbhailte chun foirgneamh folamh a cheannach le haghaidh athchóirithe mar mhol comh-oibrithe agus cian-oibrithe do Mhainistir Eimhín agus don cheantar thart timpeall. Tar éis tairscint rathúil agus conarthaí a mhalartú, cheannaigh Comhairle Contae Chill Dara foirgneamh folamh Bainc na h-Éireann i Mainistir Eimhín.

Forléargas ar 2022 ar lean:

- Dearbháíodh Baile Átha Í mar cheann de 26 baile in Éirinn roghnaithe chun maoiniú de suas go €100,000 a fháil mar chuid de Scéim Feabhsaithe Sráid-Dhreacha 2022-2023. Faoin dtionscnaimh Feabhsaithe Sráid-Dhreacha, is féidir le miondíoltóirí, úinéirí réadmhaoine agus grúpaí áitiúla deontais a iarradh, gur féidir leo iad a úsáid chun feabhas a chur ar aghaidheanna a bhfoirgneamh, obair ealaíontóra a dhéanamh nó gnéithe mar throsacán sráide nó téastair a shuiteáil. Thug breis agus 20 iarratasóir le fios go raibh suim acu in iarratas ar mhaoiniú a chur isteach.

Top Right: OFA – Lá Fiontar Náisiúnta na mBan. **Middle:** Made Personal – ainmnithe mar Seampín Digiteach Chill Dara 2022. **Bottom:** Scéim Feabhsaithe d’Aghaidheanna Siopaí.



Fiontar & Forbairt Eacnamaíoch

2022 in numbers

Cruthaíodh

284

post



Fuair

54

gnó maoiniú le iomlán de €1,017,039 faoi na Deontais Tosaigh / Méadaithe / Prímeála / Margáiochta Easpórtála

Fuair

3

gnó deontais faoin gCiste Aclaí Nuálaíochta le iomlán de €214,725

Fuair

78

gnó deontais d'aghaidheanna siopaí le iomlán de €144,594

Fuair

126

gnó Deontais do Suíochánra Amuigh agus Oiriúintí le iomlán de €387,272



Fuair

119

gnó iomlán de €221,578.31 faoin Deontas Forbartha Gréasáin



Fuair

18

gnó maoiniú le iomlán de €28,496 faoin Deontas Margáiochta Easpórtála

Isteach i gCill Dara

Forléargas ar 2022:

- Soilsíodh Cnoc Alúine chun cheiliúradh a dhéanamh ar Lá Fhéile Bríde agus ar theacht an earraigh, agus mar chomhartha ar na laethanta níos gile atá romhainn
- Mar chuid d'fheachtas Glasaithe Domhanda agus Cnaípe Ghlais Fáilte Éireann do Lá Fhéile Pádraig, cuireadh glas ar ghnóthaí, leis an teachtaireacht ar-líne "Cill Dara ag dul le Glaise"
- Cuireadh fáilte go Chill Dara roimh Rósanna Idirnáisiúnta Thrá Lí agus iad ar thuras réamh-fhéilte. Eagraíodh turas lán chun iad a thógáil ar Shlí Arthur Guinness agus féachaint thart ar Chill Dara
- Chun Chill Dara a eagrú mar cheann de na contaetha dea-bhíá is fearr le raon de tháirgeoirí bia, chefanna agus bialannaithe, eagraíodh imeacht 'Blas Chill Dara' ag Ráschúrsa an Churraigh
- Tionóladh Féile Dhearbaí Chill Dara i mBaile Chill Dara sa tseachtain ag dul suas go Dearbaí na hÉireann SDD, agus, mar phríomh-thionscadal, tacaíodh leis le ábhar a chruthú do suíomh gréasáin




Left: Lá Fhéile Bríde, Cnoc Alúine. **Above:** Nas Na Riogh Singers. Karl Jenkins' The Armed Man. Concert for Peace, LLPPS. **Opposite Page:** Blas Chill Dara, An Currach.



- Chun tacú le gnóthaí i mBaile An Náis, chomh-oibrigh Isteach i gCill Dara agus Ráschúrsa Bhaile Phúinse ar 'Dearg an Bhaile', chun gnáthóirí rásaí a spreagadh chun cuairt a thabhairt ar an baile agus féachaint thart air roimh agus tar éis rásaíochta le linn Féile Bhaile Phúinse
- Mar chuid den gcomhpháirtíocht leanúnach "An Contae Folaíochta", bhuail Isteach i gCill Dara le Turasóireacht Thiobraid Árann chun comh-imeachtaí sa Phlean Eispéiris Sprice Chontae Folaíochta, agus tacú ar an gcoiste stiúrtha, a phlé
- D'óstáil Isteach i gCill Dara an chéad imeacht líonraithe agus oiliúint d'Ambasadóirí Turasóireachta agus oifigigh Chomhairle Contae ó thar na h-Éireann. Thug seo deis chun idéanna a chomhroinnt agus aitheantas a thabhairt do réimsí agus tionscadail le chomh-oibriú, go h-áirithe Bríd 1500, Glasbhealaí & Gormbhealaí agus cur chun cinn thar-teorainn
- Tionóladh an chéad crinniú den líonra nasctha ó 2019. Anuas ar na trí choiste nasctha, bhí ionadaíocht ó Choiste Nasctha an Chontae. Thug Isteach i gCill Dara léiriú ar ghníomhú diaspóra agus nasctha thar dhá bhliain anuas, lena n-áirítear Lá Fhéile Bríde, Lá Fheile Pádraig agus Blas Chill Dara um Nollaig. Chuir Isteach i gCill Dara fáilte go Chontae Chill Dara roimh ár bpáirtí nasctha, Lexington

Turasóireacht 2022 in numbers



Bhí níos mó
cuairteoirí ag
68%

de ghnóthaí i 2022 i
gcomparáid le 2021



D'fhreastail
10,000
ar 'Blas Chill
Dara'



Forléargas ar 2022 ar lean:

- I gcomh-oibriú le Fáilte Éireann, d'fhreastail Isteach i gCill Dara ar Chomhdháil Turasóireachta Gailf Fáilte Éireann, agus bhail le breis agus 50 príomh-oibrítheoirí turas gailf idirnáisiúnta. Bhí cruinnithe aghaidh ar aghaidh le oibrítheoirí ó na SA, Ceanada, an Bhreatain Mhór agus An Ísiltír
- Ag Gradaim Uile-Éireann Pobail & Chomhairle, fuair Glasbhealach na Canála Móire duais mar Thionscnamh Turasóireachta ab Fhearr do 2021. Féachann an Gradam, urraithe ag Fáilte Éireann i gcomh-oibriú le na h-eagraíochtaí stáir agus Comhairlí Contae, le aitheantas a thabhairt do thionscnamh as a dtagann méadú díreach ar líon na gcuairteoirí do cheantar, nó go h-Éirinn ina iomlán, le dea-thionchar ar chuairoteoirí, pobail agus gnóthaí reatha, chomh maith le deiseanna ghnó nua a chruthú
- Láinseáladh tionscnamh Duille Dara Ghlais ag Isteach i gCill Dara, a spreagann soláthróirí turasóireachta agus fáilteachais thar an chontae athruithe inbhuanaithe a dhéanamh ina ngnó. Dóibh siúd a dhéanann iarrachtaí chun bheith níos éiceabhaí, beidh Duille Dara Ghlais ag Isteach i gCill Dara leabaithe ina liostáil ar shuíomh greasáin intokildare.ie

I bPlean Straitéiseach Turasóireachta Chill Dara 2022-2026, ainmnítear príomh-ghníomhartha straitéiseacha bailithe faoi 6 cholún.



1. Comh-ordú, Cumarsáid agus Comh-oibriú Éifeachtach



2. Athléimneacht Tionscail a Chumasú



3. Eispéiris Tarraingteacha a Chruthú



4. Nascadh & Rochtain Sprice a Neartú



5. Infheictheacht Sprice a Chruthú



6. Tionchar Straitéise a Thomhas



Above: Rós Thrá Lí, Caisleán Léim an Bhradáin.



Seirbhís Leabharlainne agus Ealaíon

Forléargas ar 2022:

- I 2022 chuir Seirbhís na Leabharlainne fócas ar an gClár Tionscadail Caipitil a chur ar aghaidh
 - Rinneadh dul ar aghaidh thar 2022 ar Leabharlann & Ionad Cultúrtha an Náis, athchóiriú agus méadú ar Halla Bhaile an Náis, maoinithe ag CAFU
 - D'oibrigh Leabharlann an Chontae, Staidéir Áitiúla agus Cartlanna leis an bhFoireann Dearaidh agus Ríocht Poiblí chun pleananna a thabhairt chun críche mar ullmhúchán d'íarratas Chuid 8
 - Tugadh pleananna chun críche mar ullmhúchán do chomhairlúichán Chuid 8 do Leabharlann Chlaonta
 - Fógraiodh pleananna Chomhairle Chill Dara cun Teach an Pharóiste agus tailte i gCill Droichid a cheannach chun leabharlann agus áiseanna áineas nua do Chill Droichid a fhorbairt



Top: Tionscadal Soilsithe HerStory, Lá Fhéile Bríde 2022, Caisleán Chill Chá (Grianghraf le Michael O'Rourke). **Above:** Taispeantas ceoil Ta Tum Tum, Cill Dara, Cruinniú na nÓg 2022.

Forléargas ar 2022 ar lean:

- Áiríodh le freagra Seirbhíse na Leabharlainne don Úcráin stoc a cheannach i Rúisis agus Úcráinis araon, áiseanna ar-líne, maidineacha fáiltithe agus ranganna Béarla, go h-áirithe i Droichead Nua, Maigh Nuad, Baile Átha Í agus Cill Droichid. Chinntigh foireann na leabharlainne freisin go ndéanfar aistriú ar áiseanna faisnéise na leabharlainne, agus chuir siad leis an dtairseach faisnéise Úcráinis ar shuíomh gréasáin Chomhairle Contae Chill Dara
- Rinneadh nochtadh foirmiúil ar choimisiún dealbhóireachta Squires Gannon Dé Domhnaigh 25ú Meán Fomhair i gCearnóg an Mhargaidh, Baile Chill Dara. I measc na h-aíonna bhí Leas-Cathaoirleach Joe Neville, Uachtarán CLG Larry McCarthy, Club GLG na dTúr, ealaíontóir Mark Richards CCDR, baill clainne William (Bill) Gannon agus captaen foirne na gCailíní faoi 14 Chill Dara, buaiteoirí Uile-Éireann, Katie Ray. Chuir Banna Ard Aidhín siamsaíocht ar fáil don slua mór a bhí i láthair.



Top Right: Gradam Sparánachta Ealaíon agus Sláinte do Ailish Claffey, Ailish Claffey, Glenna Batson, Philippa Donnellan (Taighde Body of Work pictiúr le Cathy Coughlan). **Middle Right:** Explore Youth Theatre: Ceardlann Drámaíochta Óige na h-Éireann Chruinniú na nÓg 2022. **Bottom Left:** Mairín Murphy on Walkshop. Turas ar suíomhanna amhairc feineolaíochta le Amharc-Ealaíontóir Martina O'Brien - maoinithe ag Clár Éire Ildánach Chill Dara. **Bottom Right:** Brian Hughes le Ceolfhoireann Chontae Chill Dara & tráchtair John Mac Kenna: 'South! Always South', Ceolchoirm Comórtha Shackleton, Ollscoil Maigh Nuad. **Opposite Page:** Claire Murphy – Seantáin Ban Portraits, Rathangan.

Leabharlainne agus Ealaíon

2022 in numbers

464,101

Chuirteanna leabhalainne i 2022



Chuirteanna leabhalainne ionann le

1.8

cuairt ag gach duine sa daonra



Scéim Cláiriúcháin Taispeántais Beo Áitiúla na Roinne TCEGSM

1,738

lá fostaíochta i 2021/22



395

taispeántas




269

criú



505

ealaíontóir



42

láithreacha



73

imeacht **Oíche an Chultúir** saor in aisce

307

ealaíontóir

5,920

freastalaí



Acmhainní Daonna

Forléargas ar 2022:

- Tharla méadú faoi 110% ar líon na gcomórtas earcaíochta a eagraíodh, suas go 64 i 2022 ó 30 sa bhliain roimhe
- Glacadh le Polasaí Oibríthe Cumaisc i 2022; as seo síníodh 436 socrú oibríthe cumaisc
- Bhí na h-acmhainní foirne seo leanas in áit ar 31 Nollaig 2022:

Bainistíocht	10
Cléireachas / Riarachán	457
Gairmiúil / Teicniúil	210
Oibríthe Lasmuigh	271
Comhraiceoirí Dóiteáin Coimeádta	31
Baill Foirne Sealadacha	32
Iomlán	1011

Clár Cúnaimh d'Fhostaithe (CCF)

- Lean an soláthraí Spectrum Life le Clár Cúnaimh d'Fhostaithe Chomhairle Contae Chill Dara a sholáthar
- Chuaigh 49 ball foirne i ngleic leis an gclár le haghaidh cúnaimh i 2021, trí tacaíocht ar ghuthán nó seisiún comhairlithe pearsanta
- Chomh maith le seo, rinne baill foirne 56 glaach faisnéise, agus iad ar thóir faisnéise ar ábhair mar chomhairle dlíthúil, cearta tomhaltóirí, comhairle airgeadais agus cóitseáil saoil

Féach ar Aguisín [xxx](#), [leathanach yyy](#) le haghaidh sonraí breise ón Stiúrthóireacht um Forbairt Eacnamaíoch, Pobail & Cultúrtha (lena n-áirítear AD)

Acmhainní Daonna

2022 in numbers



Soláthraíodh

322

cúrsa
traenála /
seimineár

D'fhreastail

946

ball foirne
ar thraenáil



116

ceapachán nua i 2022



Ardreigh lock , Grand Canal , Athy Waterways in County Kildare



Comhshaol, Seirbhísí Uisce agus Gníomhú ar son na h-Aeráide

Dara Athléimneach um Aeráide a dhíriú.

*Athléimneacht um Athrú
Aeráide, gníomhaíocht agus
inbhuinteacht a dhíriú chun
seirbhís agus infreastuctúr, agus
ár dtimpeallacht nádúrtha agus
tógtha á chosaint ar maithe le
glún an lae inniu agus na glúnta
amach romhainn.*



Forléargas ar 2022:

- Fuair An Nás an rangú ab fhearr i sraith bruscair GÉCB don dara bhliain as a chéile
- Ghlac 136 grúpa agus duine aonair páirt sa tionscadal 'Ciliméadar Glas' i 2022, agus, mar thoradh ar seo, tugadh breis agus 800 crann óg dúchasacha do pháirtithe chun feabhas a chur ar bithéagsúlacht áitiúil
- Chláraigh 131 scoil do chlár na Scoileanna Ghlasa, ag obair ar théamaí timpeallachta, ina measc bruscar agus dramhaíl, laghdú fuinnimh agus uisce, bithéagsúlacht agus taisteal inbhuanaithe

Páirc Bhaile Chairdíf

- Leanadh ar aghaidh go seasta ar thógáil Páirce Bhaile Chairdíf. Tugtha chun críche, soláthróidh sí áis áineasa il-usáide iontach, chomh maith le leasa eacnamaíocha agus timpeallachta don phobal mór. I measc na h-áiseanna tá:
 - Bealaí síúil
 - Bithéagsúlacht láidir i bhfoirm fáлта sceach, lochán, móinéar agus coillearnaí
 - Conair ealaíne
 - Faichí imeartha uile-aimsire
 - Áiseanna clóis súgartha



See more:

Appendix 8, p76 &
Appendix 9, p113

Opposite Page: Páirc Bhaile Chairdíf – Faichí sintéiseacha uile-aimsire il-spóirt. **Top:** Páirc Bhaile Chairdíf – Suiteán Ealaíne. **Above:** Páirc Bhaile Chairdíf – Clós Súgartha Ionchuimsitheach.



Top: Bronnadh Gradam GÉCB ar Méara An Náis, An Clr. Evie Sammon. **Second:** Scéim Cosanta Tuilte na Moiréile. **Third:** Turgnaimh Eolaíochta – Tailte Chionn Sáile (Teagasc). **Bottom:** Gníomhú PFI – Solas Bhride

Forléargas ar 2022 ar lean:

Scéim Cosanta Tuilte na Moiréile

- ➔ Tá Scéim Bainistíochta Tuilte na Moiréile á thógáil chun cosaint a thabhairt do theaghlach, gnóthaí agus áiseanna eile agus bóithre aitiúla sa dobharcheantar atá i mbaol tuilte
- ➔ Cuimsíodh in oibreacha a chríochnaíodh i 2022 150.5 m d'oibreacha atreoraithe cainéal, tógáil 2,249 m de chlaífoirt cosanta tuilte, tógáil 450 m de bhallaí cosanta tuilte agus 551 m d'oibreacha leasúchán claífort.

Oifig um Ghníomhú ar son na h-Aeráide

- ➔ Tá an tionscadal 'Féar go Gás', a dhéanann scrúdú ar an geilleagar ciorclach, á fheidmiú ag Oifig um Ghníomhú ar son na h-Aeráide Chomhairle Chill Dara, i gcomhair le Glún Glas. Tá torthaí dearfacha agus seasta ag teacht as seo, agus súil againn go mbeidh dea-tionchar acu ar ár gcumas chun gás nádúrtha dúchasach in-athnuaite a sholáthar d'fheidhmithe na Comhairle mar bhreosla d'fheithicilí earraí troma
- ➔ Cuiread fuinneamh in iarrachtaí ár bPobal Fuinnimh Inbhuanaithe i 2022 trí cheardlanna éascaithe ag an bhFoireann Fuinnimh, Dún Léire, mar aon le dul chun cinn ar phleananna maidir le iarratais ar maoiniú deontas ÚFIÉ chun iarfheistiú a dhéanamh ar thithe, foirgnimh tráchtála, agus, b'fhéidir, ar fhoirgnimh pobail.

Féach ar Aguisín [xxx](#), [leathanach yyy](#) le haghaidh sonraí breise ón Rannóg Comhshaoil, Seirbhísí Uisce agus Gníomhú ar son na h-Aeráide.



Comhshaol, Seirbhísí Uisce agus Gníomhú ar son na h-Aeráide

2022 in numbers



41

páirtí i líonra na mBailte Slachtmhara

131
Scoil páirteach i bhfeactais timpeallachta



136

Páirtí sa Scéim 'Ciliméadar Glas'




2

Ionad Conláiste Cathartha

Tugadh cabhair deontais do

40

grúpa Bailte Slachtmhara



Leanadh le dul ar aghaidh le

4

Scéim Bainistíochta Tuilte

19



Gníomh Forfheidhmithe Fuaim



20

Gníomh Forfheidhmithe Talmhaíochta

2

Ghníomhartha Forfheidhmithe Aeir



15

Gníomh Forfheidhmithe Uisce / Foilluisce



175

Gníomh Forfheidhmithe Dramhaíola



Tithíocht

Tacú le tithíocht agus forbairt pobail bainteach a sholáthar.

Oibríú le na comhpháirtithe go léir chun dul le riachtanais tithíochta Chill Dara a shásamh, ag obair chun easpa dídine a laghdú agus tacaíocht a thabhairt do phobail atá á fhorbairt.

Forléargas ar 2022:

- Chuir Comhairle Contae Chill Dara agus Comlachtaí Ceadaithe Tithíochta 372 teach nua ar fáil agus spriocanna tógála Tithíocht do Chách á bhaint amach
- Soláthraíodh 261 teach nua faoin gclár léasaithe shóisialta
- Fuair 261 teach nua agus 2,032 teaghlach Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta
- Eagraíodh foireann um Tithíocht Inacmhainne agus glacadh le Scéim Tithíochta Inacmhainne
- Eisíodh 5 ordú ceannaigh éigeantaigh chun tabhairt faoi folúntas agus aidhmeanna Tosaíocht do Lár Bhaile a bhaint amach
- Cuireadh tús le páirtíocht sa tionscnamh Croí Cónaithe; fuarthas 22 iarratas Croí Cónaithe i 2022
- Tharla méadú ar chaiteachas ar clár na ndeontas ó €4.25 milliún i 2021 go €5.19 milliún i 2022
- Rinneadh athchóiriú ar 61 réadmhaoin in úineireacht na Comhairle do dhaoine faoi mhíchumas agus faomhadh 627 deontas do theaghlaigh príobháideacha



Top: Oscailt Mainéir Bhaile an tSighínigh. **Image p22:** Plean Gníomhaithe um Soláthar Tithíochta.

See more:
Appendix 8, p76 &
Appendix 9, p113



Forléargas ar 2022 ar lean:



- Thacaigh Comhairle Contae Chill Dara le soláthar 40 leaba i mbrúnna, 24 leaba d'aimsir fhuar, 8 gComh-Thionóntacht do dhaoine singil agus 16 Tionóntacht Tús Áite do Thithíocht, i gcomhréir le aidhmeanna Phlean Gníomhaithe Reigiún an Lár-Oirthir um Easpa Dídine
- Lean Comhairle Contae Chill Dara le seirbhís cothabhála den scoth a sholáthar do thionóntaí, agus lean sí leis an gclár uasghrádaithe ar réadmhaoine
- Rinneadh uasghrádú ar 178 réadmhaoin faoin gClár Iarfeistithe Fuinnimh, ag dul ar aghaidh lenár dtionscnaimh maidir le gníomhartha ar son na h-aeráide,
- Eagraíodh Ionad Scíthe chun cóiríocht a sholáthar do dhaoine ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin
- Rinneadh measúnú ar 107 gealltán cóiríochta, agus, dá éis sin, cuireadh tús le cóiríocht a sholáthar.
- Tugadh an t-Athbheithniú Meán-téarma ar an gClár Cóiríochta do Thaistealaithe chun críche

Féach ar Aguisín [xxx](#), [leathanach yyy](#) le haghaidh sonraí breise maidir le Tithíocht



Top: An Taoiseach Micheál Martin, oscailt 29 teach nua, Caisleán an Eanaigh, Na Solláin, Bealtaine 2022. **Second:** An t-Uachtarán ó h-Uiginn, Óscar O'Fáthá, oscailt Oifigiúil Mainéir Bhaile an tSighínigh, Meitheamh 2022. **Third:** Oscailt 29 teach nua, Caisleán an Eanaigh, Na Solláin, Bealtaine 2022. **Bottom:** Forbairt ar Thalamh Áise Na Solláin.

Tithíocht

2022 in numbers



Soláthraíodh

372

réadmhaoin faoi
Tithíocht do Chách

Leithdháileadh

822

réadmhaoin sóisialta


Cruthaíodh

16

Tionóntacht Tús Áite do Thithíocht

324

tionóntacht ICT nua



Faomhadh

628

deontas tithíochta

Cuireadh tús le

5

Ordú Ceannaigh Éigeantaigh



1,134

measúnú tithíochta

Fuarthas
22
iarratas Croí Cónaithe



Rinneadh oibreacha uasghrádaithe fuinnimh ar

178 réadmhaoin



Cruthaíodh

8

gComh-Tionóntacht Tithíochta



Seirbhísí Corparáideacha

Tacú leis an Sainúdarás Daonlathach, Feidhmiú agus Cumarsáid.

Cabhrú le daonlathas áitiúil agus feabhas á chur ar sholáthar seirbhísí, teagmháil agus cumarsáid trí éifeachtúlacht ár ndaoine, buiséad, gníomhartha agus áiseanna TFC a uasmhéadú.



Opposite Page: Láinseáil Aip nua 'Konnect' do bhaill foirne Chomhairle Contae Chill Dara. **Above:** Dámhachtain um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil 2022.

Forléargas ar 2022:

- Cuireadh tús leis an Acht um Athchóiriú Toghchán 2022 i nDeireadh Fomhair 2022, agus i míosa tosaigh an chórais nua ar-líne CheckTheRegister, rinne Comhairle Contae Chill Dara próiseáil ar meán náisiúnta na n-iarratas ar-líne faoi dhó
- Glacadh le fo-dhlíthe corrrádála do Cheantair Bhaile Chill Dara-Dhroichead Nua agus Chill Droichid-Léim an Bhradáin le linn 2022, agus mheádaigh seo deiseanna trádála i gCill Droichid, Baile Chill Dara, Droichead Nua, Mainistir Eimhín agus Cill Chuillin, le faichí agus laethanta trádála breise. Tá eolas breise anseo: www.kildarecoco.ie/Business/CasualTrading/
- Suiteáladh comharthaíocht i 4 de na 5 Ceantar Bardasacha maidir le fo-dhlíthe chun smacht a chur ar Chaitheamh agus Seilbh ar Alcól i Láithreacha Poiblí
- Fuair Comhairle Contae Chill Dara an Gradam Cumarsáide Tionscnaimh ag na Dámhachtain um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil 2022, don bhfeachtas 'Tuscint ar Phlean Forbartha Chontae Chill Dara' a thug faoi tuiscint níos fearr a thabhairt ar Phlean Forbartha an Chontae agus ar an bpróisis forbartha ina leith
- Láinseáladh aip nua do bhaill foirne uiligh Chomhairle Contae Chill Dara, chun faisnéis agus áiseanna suas chun dáta a sholáthar, cibé acu baill foirne bheith ag obair nó ag taistil, ar suíomh nó ag deasca, ag cabhrú le nascacht a choinneáil
- Cuireadh seirbhís chuimsitheach agus inrochtana do 40 comhalta tofa de Chomhairle Contae Chill Dara thar 5 Ceantar Bardasacha
- Riaradh riachtanais reachtúla uile na gcomhaltaí maidir leis an gClár Poiblí laistigh den amfráma riachtanach, agus foilsíodh ar-líne iad mar ba ghá
- Eagraíodh gach iarratas ó chomhaltaí maidir le freastal ar chomhdháil agus gach iarratas treanála thar 2022

Forléargas ar 2022 ar lean:

- Rinneadh seirbhísíú ar 86 crinniú reachtúla thar na bliana
- Suiteáladh córais bainistíochta soilsithe nua in Áras Chill Dara i 2022
- Tháinig Alt 10A (Fógraíocht ag Eagraíochtaí Poiblí) d' Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021, a léirigh oibligeádaí maidir le fógraíocht i nGailge, i bhfeidhm i nDeireadh Fomhair 2022
- Bhronn Coiste na Gaeilge 5 scoláireacht ar mic léinn meánscoile chun freastal ar Ghaeltacht Bhun an Inbhear
- Tá scéim píolótach nua eagraithe ag Coiste na Gaeilge do Bhunscoileanna sa chontae gur



- Tá riachtanais nua sa Chreat Dualgais Earnála Poiblí faoi Treoiríú an Choimisiúin um Chearta an Duine agus Comhionannas. Tá measúnú ar cheisteanna maidir le Chearta an Duine agus Comhionannas i gContae Chill Dara idir láimhe
 - Glacadh le Cill Dara isteach sa Chlár Pairtíochta Rialtais Áitiúla Oscailte Idirnáisiúnta
 - Laineáladh Polasaí maidir le Gearáin agus Cód Iompraíochta do Chustaiméirí nua. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar dhréacht nua de Chairt do Chustaiméirí agus Plean Gníomhaithe
- Féach ar Aguisín [xxx](#), [leathanach yyy](#) le haghaidh sonraí breise maidir le Seirbhísí Corparáideacha.



**THE EASY WAY
TO SECURE YOUR SAY**

Your voice matters and your vote is important

[checktheregister.ie](https://www.checktheregister.ie)

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

See more:
Appendix 8, p76 &
Appendix 9, p113

Top: Láthair Corrthrádála Shráid Sheoirse. **Middle:** Láthair Corrthrádála Cearnóige an Mhargaidh, Baile Chill Dara. **Bottom:** Córas nua ar líne Checktheregister.

Seirbhísí Corparáideacha

2022 in numbers

132,320

glaoch don uimhir
teagmhála do
Chustaiméirí

Próiseáladh

45

iarratas ar
Rochtain ar Sonraí

Próiseáladh

136

iarratas SF

Meán-am
feithimh ar
ghlaonna de

0.23

soicind



Tugadh seirbhís
pearsanta do

11,950

custaiméir ag
Pointí Seirbhíse
do Chustaiméirí
san Nás agus i
mBaile Átha Í

Chríochnaigh

758

ball foirne
traenáil SF

Rinneadh
seirbhísiú ar

86

crinniú
reachtúla

Eisíodh

105

Preas-ráiteas,
le béim á chur
ar obair agus
soláthar
tionscadal ag
Comhairle
Contae Chill
Dara





Pleanáil agus Forbairt Straitéasach

Infreastruchtúr cumasúcháin a sholáthar do Chontae comhnastha.

Leanúint le príomh-infreastruchtúr a phleanáil, a sholáthar agus a chothabháil inár gcontae, chun soghluaiseacht agus rochtain a chothú agus chun Chill Dara a shocrú chun fás inbhuanaithe a chur i bhfeidhm



Page Opposite: Aire Stáit, Martin Heydon TD, Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail, Heather Humphreys, Cathaoirleach Chontae Chill Dara, Naoise Ó Cearúil. **Above:** Plean Forbartha Chontae Chill Dara.

Forléargas ar 2022:

- Thug Comhairle Contae Chill Dara faoi chomhairliúchán poiblí chun athbhreithniú a dhéanamh ar Phlean Forbartha Chontae Chill Dara 2017-2023 reatha agus Plean Forbartha Chontae nua don tréimhse 2023-2029 a ullmhú. Bhí comhairliúchán agus páirtíocht i gcroílár an phróisis shuntasaigh agus chasta seo do chomhaltaí tofa agus baill foirne Chomhairle Contae Chill Dara
- Glacadh le Plean Forbartha Chontae Chill Dara 2023-2029 ar 9ú Nollaig. Leirítear i bPlean Forbartha an Chontae ár stratéis chun ceantair le fás daonra a chomhordú agus tabhairt faoi riachtanais fisiciúla, sóisialta agus timpeallachta an chontae chun forbairt nua a sholáthar agus chun ár socmhainní agus ár n-áiseanna luachmhara a fheabhsú agus a chosaint.
- Cuireadh tús le Straitéis Comhairliúcháin Poiblí, agus cuimsítear inti na nithe seo leanas:
 - Comh-Phlean Ceantair Áitiúil do Maigh Nuad i bpáirtíocht le Comhairle Contae na Mí agus Comhairle Contae Chill Dara
 - Plean Ceantair Áitiúil do Bhaile Chill Dara
 - Tairseach Comhairliúcháin
 - Comhairliúchán Dírithe le Geallsealbhóirí
- Cuireadh tús le obair ar Phlean Ceantair Áitiúil Maigh Nuad, le measúnaithe éagsúla, ina measc Straitéis Iompair a ullmhú
- Cuireadh tús le obair ar Phlean Ceantair Áitiúil lena n-áirítear measúnaithe timpeallachta agus infreastruchtúir éagsúla a ullmhú
- Rinneadh athbhreithniú ar Scéim Ranníocaíochtaí Forbartha Chill Dara; glacadh go foirmiúil leis an scéim nua ar 19ú Nollaig 2022

Forléargas ar 2022 ar lean:

- Ar 17ú Nollaig 2021, athlonnáiódh an próiseas Forbartha Tithíochta Straitéiseacha (FTS), a bhaineann le forbairtí móra le breis agus 100 aonad tithíochta, don Earnáil Údaráis Áitiúil, i bhfoirm Forbairtí Cónaithe Ard-Scála (FCA). Forbraíodh próisis nua chun tabhairt faoi iarratais mar seo, a oibríonn faoi paraiméadair an-ghéara
- Láinseáladh Máistirphlean Athnuachana Baile do Mhainistir Eimhín. Fuair an tionscadal maoiniú de €40,000 faoin Scéim Bearta Géaraithe Covid do Bhailte agus Sráidbhailte chun an spás amuigh a fhorbairt le linn na paindéime, agus, as an rath a bhí ar seo, tháinig faomhadh ar maoiniú CAFT d'athfhorbairt buan ar an gCearnóg
- Láinseáladh Céim 2 den fiontar sóisialta pobal-treoirthe ag an Sean-Siopa Crua-Earraí, le forbairt tosaigh maoinithe ag an Scéim Athnuachana do Bhailte agus Sráidbhailte

- Rinne Heather Humphreys TD, Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail nochtadh ar bhrandáil don Músaem Shackleton agus Tionscadal Cearnóige Emile, agus rinneadh forbairt breise ar an dtionscadal, atá á maoiniú ón gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe
- Rinneadh dul chun cinn suntasach ar thionscadal Gormbhealaí na Bearú, lena n-áirítear gearradh ribín oifigiúil ar chríoch a chur leis an chéad 5 km de Ghormbhealach na Bearú ag Baile Ló. Tá an tionscadal á sholáthar i bpáirtíocht idir Chomhairle Contae Chill Dara, Uiscebhealaí Éireann agus Comhairle Contae Laoise, tríd an Chiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe



See more:
Appendix 8, p76 &
Appendix 9, p113

Top Right: Tairseach Comhairliúcháin – Seomraí Fíorúla. **Above:** An Clr. Kevin Duffy, An Clr. Robert Power, Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail, Heather Humphreys, Aire Stáit, Martin Heydon TD – Máistirphlean Athnuachana Baile do Mhainistir Eimhín.


Pleanáil agus Forbairt Straitéasach

2022 in numbers

Fuarthas

1,548

iarratas pleanála



Eisíodh

1,216

cinneadh pleanála

162

crinniú réamh-phleanála tráchtála

148

crinniú réamh-phleanál a tithíochta aonair

Fuarthas agus rinneadh athbhreithniú ar

207

iarratas maidir le forbairt neamh-údaraithe



Bronnadh

2

deontas / maoiniú faoi Scéim na gCistí Struchtúrtha Oidhreachta

26

Tionscadal Oidhreachta idir laimhe



Leithdháileadh

€581,000


i Maoiniú Oidhreachta



Bronnadh

15

deontas / maoiniú faoin Scéim Infeistithe Oidhreachta Tógtha





Bóithre, Iompar agus Sábháilteacht Phoiblí

Infreastruchtúr cumasúcháin a sholáthar do Chontae comhnastha.

Leanúint le príomh-infreastruchtúr a phleanáil, a sholáthar agus a chothabháil inár gcontae, chun soghluaiseacht agus rochtain a chothú agus chun Chill Dara a shocrú chun fás inbhuanaithe a chur i bhfeidhm.

Forléargas ar 2022:

- Chuir Comhairle Contae Chill Dara fáilte roimh an Aire Stáit ag an Roinn Iompair, Hildegard Naughton TD agus an Aire Stáit, Martin Heydon TD go Bhaile Átha Í d'imeacht casta fóid chun marcáil a dhéanamh ar oibreacha a thosnú do Bhóthar Dáileacháin nua Bhaile Átha Í. Tar éis teacht chun críche, cuimseóidh oibreacha dhá thimpeallán nua, acomhail crosbhealaigh nua le comharthaíocht, thart ar 3.4 km de chosán agus bealach rothaíochta, chomh maith le droichead cruach 80m réise amháin thar abhainn na Bearú
- Bronnadh an phríomh-chonradh chun Clós Innealra agus Scioból Salainn Réigiúnach a thógáil, agus tá tús curtha le obair ar-suíomh
- Tá dul ar aghaidh ar thionscadail caipitil suntasacha, ina measc Cuarbhóthar Thoir Maigh Nuad, Bóthar Ceangail Chill Droichid go Chollchoill, uasghrádú ar Acomhal an Halla Nua agus clár feabhsaithe acomhal
- Tá forbairt ar Staitéisí Iompair Maigh Nuad agus Dhroichead Nua ag dul ar aghaidh



See more:

Appendix 8, p76 &
Appendix 9, p113

Opposite Page: Casadh an fhóid, Bhóthar Dáileacháin Bhaile Átha Í – Aire Stáit, Martin Heydon TD, Aire Stáit ag an Roinn Iompair, Hildegard Naughton TD. **Above:** Oscailt Áise 'Ionaid Athraithe', Áras Chill Dara.



Forléargas ar 2022 ar lean:

- ➔ Iompar Inbhuanaithe: Bhí an íostarraingt ba mhó go dtí seo de maoiniú ÚIN, ag €9.7m. Tá breis agus 30 scéim ag dul ar aghaidh, le cúig próiseas comhairliucháin poiblí Chuid 8 tugtha chun críche, agus soláthar leanúnach ar bhealaí rothaíochta agus tionscadail taistil ghníomhaigh ar fud an chontae
- ➔ Tógáil Scéimeanna Taistil Ghníomhaigh: Cuireadh tús le tógáil ar ghlasbhealach idir Maigh Nuad agus Leim an Bhradáin, le clár tógála 18-mí. Síníodh doiciméid conartha do Scéim Taistil Ghníomhaigh Bhóthar Chill Chuillinn san Náis i mí na Nollag
- ➔ Críochnaíodh cóiriú dromchla agus athchóiriú bóithre ar 170 km de bhóithre áitiúla agus réigiúnacha thar 130 láthair éagsúla ar chostas de €14.7 milliún
- ➔ Rinneadh saileadh geimhridh thar 10 bealach, ag dul thar 688 km de bhóithre réigiúnacha agus áitiúla ar 80 ocaíd éagsúla
- ➔ Osclaíodh áis lán-inrochtana 'Ionaid Athraithe' do dhaoine faoi mhíchumas coimpléascach ag Áras Chill Dara, le raon de ghnéithe agus fearas breise a fhágann é níos inrochtana ná ghnáth-leithris inrochtana. Tá obair idir láimhe chun áis eile a oscailt ag Ionad Spóirt Dhroichead Nua




Top: Taobh Thoir, Bóthar Dáileacháin Bhaile Átha Í. **Middle:** Clár na mBealaí Sábhailte ar Scoil, Doire an tSoirn. **Bottom:** Seachtain na Rothaíochta 2022.

Iompar

2022 in numbers

2,523 km

Bóithre
áitiúla agus
réigiúnacha



Tionscadail Bealaí
Rothaíochta

31

tionscadal tugtha
ar aghaidh



735

Líon na
dTeastas
Chomhlíonadh
Baílí a fuarthas

990

Líon na
bhfoirgneamh
nua a
scrúdaíodh

1,587

Glaonna
Óibríochta a fuair
an tSeirbhís
Dóiteáin



10

Bealaí
Sailidh
Geimhridh

688 km

Fad
clúdaithe

80

ocáid



Seirbhís Dóiteáin

- Bronnadh maoiniú caipitil le luach de €3.5m le haghaidh dearaidh agus tógála Stáisiún Dóiteáin nua i Maigh Nuad. Eagraíodh foireann dearaidh, aontaíodh agus críochnaíodh leagan amach ailtireachta, agus tugadh cead Chuid 8 i mí na Nollag 2022. Tá an stáisiún nua le lonnú giota beag ó Bóthar Theach Srafáin, gar don bhforbairt nua ag Páirc Úi Mhaoláin
- Slógadh an tSeirbhís Dóiteáin ar iomlán de 2,014 ocaid, go iomlán de 1,597 eachtra. Dob é seo an dara líon ba mhó de slógaí ar taifead, tar éis 2,022 teacht amach i 2018
- Thug Cosaint Shíbhialta iomán de 127 eachtra chun críche, ina measc cabhrú le 6 mór-chuardach ar dhaoine ar iarraidh i gCill Dara i 2022, mar aon le tacú leanúnach don FSS agus cabhrú le géarchéim na h-Úcráine. Ceapadh Oifigeach Cosanta Shíbhialta Cúnta i 2022 freisin.



Top: Léiriú 3T, Stáisiún Dóiteáin nua, Maigh Nuad. **Bottom:** Dóiteán ag Teach Braiche, Baile Átha Í, Deireadh Fomhair 2022.

Sláinte agus Sábháilteacht

Forléargas ar 2022:

- Bhain 390 ball foirne agus comhalta úsáid as an bpacáiste scagthástála sláinte
- Fuair 256 ball foirne vacsaíniú in aghaidh an fhliú
- Tugadh 50 scrúdú sábháilteachta chun críche
- Eagraíodh Comhdháil Sláinte agus Sábháilteachta dar teideal 'Conas a thugann tú aire do do mheabhairshláinte?'
- Tugadh Traenáil Ceannasaíochta Sábháilteachta leis an Lucht Ardbhainistíochta chun críche
- Glacadh páirt sa bhFeachtas Ribín Ghlais chun deireadh a chur leis an stiogma a bhaineann le meabhairshláinte san ionad oibre

Féach ar Aguisín **xxx**, leathanach **yyy** le haghaidh sonraí breise ón Rannóg um Bóithre, Iompar agus Sábháilteacht Phoiblí



Above: Chomhdháil Sláinte agus Sábháilteachta – Harry Barry, Michael Hurley, Barbara Brennan. **Page 51:** Chomhdháil Sláinte agus Sábháilteachta.

Sláinte agus Sábháilteacht

2022 in numbers

D'fhreastail

309

ball foirne ar
Chomhdháil
Sláinte agus
Sábháilteachta



D'fhreastail


15

ar Traenáil
Ceannasaíochta
Sábháilteachta
leis an **Lucht**
Ardbhainistíochta

Chríochnaigh

15

ball foirne Traenáil
ar Scileanna
Feidhmeacha
Idirghabhála maidir
le Féin-mharú



Chríochnaigh

54

ball foirne Traenáil
ar Aireachas maidir
le Féin-mharú do
Chách





Teicneolaíocht Faisneise

Tacú leis an Sainúdarás Daonlathach, Feidhmiú agus Cumarsáid.

Cabhrú le daonlathas áitiúil agus feabhas á chur ar soláthar seirbhísí, teagmháil agus cumarsáid trí éifeachtúlacht ár ndaoine, buiséad, gníomhartha agus áiseanna TFC a uasmhéadú.

Forléargas ar 2022:

- Feidhmíodh freagra CFG don Rannóg Airgeadais chun tacú le bailiú ioncaim
- Suiteáladh agus cumraíodh cúltaca dea-chleachtais feabhsaithe agus freagraí athshlánaithe do na córais TF go léir
- Forbairt agus feidhmiú ar Chlár Leasa Réadmhaoine (CLR) nua, in ionad córais leagóide
- Uasghrádú ar gach príomh-chóras fiontair go leagan reatha, lena n-áirítear mór-uasghrádú ar an gcóras Airgeadais
- Leanadh le feabhsú a chur ar sheasamh cibearshlándála na h-eagraíochta
- Coimeádadh ard-leibhéal tacaíochta do chustaiméirí tríd an deasca cabhrach TF

Féach ar Aguisín [xxx](#), [leathanach yyy](#) le haghaidh sonraí breise ón Rannóg Teicneolaíochta Faisneise

See more:

Appendix 8, p76 &
Appendix 9, p113

Teicneolaíocht Faisneise

2022 in numbers

61.4%

2021

Méadaíodh an scór anailís ar bhearnaí cibearshlándála

69.3%

2022



Scór de


73.4%

